



an ciste náisiúnta um cheannach cóireála
the national treatment purchase fund

2008

TUARASCHÁIL BHLIANTHÚIL
ANNUAL REPORT



Ag Cóireáil Othair Níos Tapa
Treating Patients Faster

Who We Are?

The National Treatment Purchase Fund (NTPF) is an independent statutory agency established by Government with the primary aim of providing faster treatment for public patients who have been waiting longest on public hospital in-patient waiting lists for surgery.

What We Do?

For those public patients who are eligible, we arrange **FREE** treatment mainly in private hospitals in Ireland.

How To Contact Us?

Simply phone **Lo-Call 1890 720 820** where our Patient Care Team will be delighted to assist you with your query.

Ag Cóireáil Othair Níos Tapa Treating Patients Faster

Cé muidne?

Eagraíocht neamhspleách reachtúil is ea an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (CNCC) a bhunaigh an Rialtas agus é de phríomhaidhm aige cóireáil níos tapúla a sholáthar do na hothair phoiblí sin ab fhaide a bhí ag fanacht ar liostaí na n-othar cónaitheach sna hospidéil phoiblí go ndéanfaí gnáthaimh mháinliachta orthu.

Cad a Dhéanaimid?


Socraímid go bhfaighidh na hothair sin atá incháilithe cóireáil **SAOR** in aisce agus is in ospidéil phríobháideacha in Éirinn is mó a fhaigheann siad í.

Conas is Féidir Dul i dTeagmháil Linn?

Níl le déanamh agat ach gaoch ar **Íosghlao 1890 720 820** agus beidh áthas ar ár bhFoireann Cúraim Othar do cheist a fhreagairt.

Ag feitheamh go himníoch
Faisnéis faoi obráid

Waiting and worrying
about an operation



Ná bí ag breathnú siar, tá do shaol amach romhat

Get on with life

Fill ar scoil

Back to school

Fill ar do chuid oibre

Back to work



an ciste náisiúnta um cheannach cóireála
the national treatment purchase fund

Ag Cóireáil Othair Níos Tapa Treating Patients Faster

Contents

Mission Statement	1
2008 Performance Highlights	2
Chairman's Statement	3
Chief Executive Report	5
Corporate Governance	7
Director of Patient Care Team - Report	9
Patient Care Team Statistical Analysis	12
• In-Patient Statistics	13
• Out-Patient Statistics	15
• Patient Satisfaction Levels	17
• Lo-Call Numbers	17
• Treating Hospitals	18
• Breakdown by County	19
• Our 100,000th Patient	20
St. Vincent's University Hospital	
'Reducing the Waiting List – An Integrated Approach'	21
National Patient Treatment Register	23
• Overview	23
• Statistics >3 months	25
• Statistics >12 months	26
• National Surgical Volumes by Region	27
What Patients say about the NTPF	28
Director of Finance Overview	29
Financial Information Summary	32
Receipts & Payments Account	33
Capital Income & Expenditure Account	34
News Headlines 2008	35

Clár

Ráiteas Misin	1
Buaicphointí Feidhmíochta 2008	2
Ráiteas an Chathaoirligh	3
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	5
Rialachas Corparáideach	7
Tuarascáil Stiúrthóir na Foirne Cúraim Othar	9
An Fhoireann Cúraim Othar - Anailís Staitistiúil	12
• Staitisticí faoi Othair Chónaithe	13
• Staitisticí faoi Othair Sheachtracha	15
• Leibhéil Sástachta na nOthar	17
• Uimhreacha Íosghlao	17
• Ospidéal Chóireála	18
• Anailís de réir Contae	19
• Ár 100,000ú Othar	20
Ospidéal Ollscoile Uinsinn	
'Laghdú na Liostaí Feithimh - Cur Chuige Comhtháite'	21
An Clár Náisiúnta um Chóireáil Othar	23
• Forbhreathnú	23
• Staitisticí >3 mhí	25
• Staitisticí >12 mhí	26
• Líon Náisiúnta na nOthar Máinliachta de réir Réigiún	27
Cad a deir Othair faoin CNCC	28
An Stiúrthóir Airgeadais - Forbhreathnú	29
Achoimre ar Faisnéis Airgeadais	32
An Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí	33
An Cuntas Ioncaim & Caiteachais Chaipitiúil	34
Ceannlínte Nuachta 2008	35

Mission Statement

In keeping with the Government's Health Strategy the mission of the National Treatment Purchase Fund is to reduce the length of time public patients are on hospital waiting lists by offering choice in obtaining access to treatment promptly, safely and to a high standard of patient satisfaction.

The NTPF will fulfil this mission by:

- Putting patient needs first
- Assuring quality of patient care
- Measuring results and performance
- Operating a reliable National Patient Treatment Register as a basis for quantifying waiting times
- Maintaining co-operative relationships with hospitals, consultants and patients
- Operating efficiently
- Obtaining value for money

Examples of the most common operations/surgery arranged by the NTPF include:

Cataract removal

Tonsils / Adenoids removal

Colonoscopy

Vascular surgery

Hip replacement

Knee replacement

Hernia repair

Gall bladder removal

Ráiteas Misin

Is é misean an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála cloí le Straitéis Sláinte an Rialtais agus am feithimh na n-othar poiblí atá ar liostaí feithimh ospidéal a laghdú trí rogha a thabhairt dóibh maidir le cóireáil a fháil go tapa slán agus ardchaighdeán sástachta a bheith acu mar othair.

Comhlíonfaidh an CNCC an misean seo trí:

- Thús áite a thabhairt do riachtanais an othair
- Chaighdeán an chúraim othar a chinntiú
- Thorthaí agus feidhmíocht a thomhas
- An Clár Náisiúnta don Chóireáil Othar a choinneáil chun amanna feithimh a thomhas
- Chaidreamh comhoibritheach a choinneáil le hospidéal, le lianna comhairleacha agus le hothair
- Fheidhmiú go héifeachtach
- Luach ar airgead a fháil

Ar na hobráidí nó na gnáthaimh mháinliachta is minice a shocraigh an CNCC bhí:

Fionna a bhaint

Céislíní / Adanóidí a bhaint

Ionscópacht ar an drólann

Máinliacht shoithíoch

Athchur cromán

Athchur glún

Maidhmeanna seicne a chur ina gceart

Máilíní domlais a bhaint

Performance Highlights 2008

-  **2.6 Months** - The median waiting time for both medical and surgical patients nationally, at December 2008
-  **44** - All targeted public hospitals now reporting to the Patient Treatment Register (PTR)
-  **66%** - Was the reduction in the longest waiters for surgery in 2008 when compared to the previous year
-  **135,691** - Total number of patients treated since mid 2002 to end 2008
-  **36,269** - Total number of patients treated in 2008, up 11% on 2007
-  **20,829** - In-patients treated up, 5% on last year
-  **12,342** - Out-patients consultations arranged, up 17% on 2007
-  **3,098** - MRI consultations arranged in 2008, up 35% on previous year
-  **26,565** - Calls made to Lo-Call, up 36% on last year

Buaicphointí Feidhmíochta 2008

-  **2.6 mhí** - Ba é seo an méan-am feithimh ag othair míochaine agus máinliachta araon ar fud na tíre ag Mí na Nollag 2008
-  **44** - Tá na hospidéil phoiblí go léir a díriodh orthu ag cur tuairiscí chuig an gClár um Chóireáil Othar (CCO)
-  **66%** - Ba é seo an laghdú a rinneadh ar na daoine ab fhaide a bhí ag feitheamh ar obráid i 2008 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin
-  **135,691** - Líon iomlán na n-othar a ndearnadh cóireáil orthu ó lár 2002 go deireadh 2008
-  **36,269** - Líon iomlán na n-othar a ndearnadh cóireáil orthu in 2008, méadú 11% ar líon 2007
-  **20,829** - Líon na n-othar cónaithe a ndearnadh cóireáil orthu, méadú 5% ar líon na bliana seo chaite
-  **12,342** - Comhairliúchán socraithe le haghaidh othar seachtrach, méadú 17% ar líon na bliana 2007
-  **3,098** - Comhairliúchán íomháite athshondais mhaighnéadaigh (ÍAM) socraithe i 2008, méadú 35% ar líon na bliana roimhe sin
-  **26,565** - Glaonna chuig an uimhir Íosghlao, méadú 36% ar líon na bliana seo chaite



John O'Dwyer
Cathaoirleach
Chairman

Chairman's Statement

I am very pleased to introduce the 2008 Annual Report on the performance and activities of the National Treatment Purchase Fund. This Report demonstrates yet again our continued success, and looks forward to the emerging challenges that we have planned, and prepared for in 2009.

Performance in 2008

I am delighted that the goals and results we achieved in 2008 matched what was agreed in our Annual Corporate Plan. This plan gives the Fund a clear strategic direction, and an extensive review of our activity throughout 2008 is set out in the rest of this report. It gives me great pleasure to comment on some of the key performance indicators that are critical to our continued success.

We were established to reduce waiting times for public patients and I am happy to report that at the end of 2008 the median wait time for medical and surgical patients was at 2.6 months. However we must be cautious when we speak in terms of averages, as there are still hospitals that have long waiting times for patients on their waiting lists, and as I am already on record as saying, "this is not good enough". I would again appeal to all those hospitals that have patients still on surgical waiting lists over 12 months, to work with us, in reducing these unnecessary high waiting times.

The total number of patients treated by us in 2008 was 36,269 which was up 11% on the previous year. Since 2002 the NTPF has arranged treatment for 136,000 public patients.

Another milestone was achieved when in 2008 we celebrated our 100,000th treated patient, which is a notable achievement when you consider that in 2004 we celebrated the treatment of our 10,000th patient.

Long Waiters

A lot of good work was undertaken in 2008. More co-operation from the public hospital system was evident and significant inroads were made into the number of long waiters in particular. The question has to be asked if hospitals are in a position to provide operations for so many people on waiting lists of between three and six months, why are the same hospitals not treating those patients waiting over twelve months on their waiting lists? Having said that, progress can be reported during the year because at the end of 2007, there were 4,637 patients waiting for surgery for over twelve months while at the end of 2008 the comparable figure was 1,576, a reduction of two thirds. However, the question remains as to why these 1,576 patients were not

Ráiteas an Chathaoirligh

Cúis áthais dom Tuarascáil Bhliantúil 2008 a sheoladh faoi fheidhmiú agus gníomhaíochtaí an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála. Léiríonn an Tuarascáil seo an rath atá orainn i gcónaí agus tugann sí aghaidh ar na dúshláin atá ag teacht chun cinn a ndearnamar pleanáil agus ullmhúcháin dóibh i rith 2009.

Feidhmíocht 2008

Cuireann sé gliondar orm gur éirigh linn na spriocanna agus na torthaí sin a bhaint amach in 2008 ar tháingamar ar chomhaontú fúthu inár bPlean Corparáideach Bliantúil. Tugann an plean seo treo straitéiseach soiléir don Chiste agus tá athbheithniú forleathan ar ár ngníomhaíochtaí i rith 2008 le fáil sa chuid eile den tuarascáil seo. Cúis mhór pléisiúir dom tagairt a dhéanamh do chuid de na príomhtháscairí feidhmíochta atá rithábachtach le go mbeidh rath leanúnach orainn.

Bunaíodh muid chun amanna feithimh na n-othar poiblí a laghdú agus is cúis áthais dom a bheith in ann a rá gurb é 2.6 mhí an meán-am feithimh a bhí ag othair míochaine agus máinliachta. Ní mór dúinn a bheith cúramach, áfach, agus muid ag caint faoi mheánrátaí mar tá ospidéal ann fós a bhfuil amanna fada feithimh ag na hothair sin atá ar a liostaí feithimh, agus faoi mar a dúirt mé cheana, "níl sé sin sásúil". Ba mhaith liom impí a dhéanamh arís ar na hospidéal sin a bhfuil othair ar a liostaí acu agus iad ag fanacht breis agus 12 mhí le dul faoi scian, oibriú i gcomhar linn chun na hamanna fada feithimh seo nach bhfuil gá leo a laghdú.

Ba é 36,269 líon iomlán na n-othar a ndearnadh cóireáil orthu in 2008, agus ba mhéadú 11% é sin ar líon na bliana roimhe sin. Rinne an CNCC socrúithe le cóireáil a chur ar 136,000 othar poiblí ó 2002 i leith.

Ba gheall le cloch mhíle ag an eagraíocht é a nuair a rinneamar ceiliúradh ar an 100,000ú othar a cóireáladh. Ba mhór an éachta é sin go mór nuair a chuimhníonn tú gur cuireadh cóireáil ar ár 10,000ú othar in Eanáir 2004.

Daoine ag Fanacht le Fada

Rinneadh mórchuid dea-oibre in 2008. Ba léir go raibh na hospidéalí poiblí ag comhoibriú níos mó linn agus rinneadh dul chun cinn suntasach ag déileáil le líon na daoine a bhí ag fanacht le fada. Ní mór an cheist seo a chur - má tá sé ar chumas ospidéal obráidí a chur ar fáil don líon mór daoine sin a bhí ar liostaí feithimh ar feadh tréimhsí idir trí agus sé mhí, cén fáth nach bhfuil na hospidéalí chéanna ag cóireáil na n-othar sin atá ar a liostaí feithimh ar feadh tréimhsí breis ag dhá mhí dhéag. In ainneoin sin is uile, is féidir a rá go ndearnadh dul chun cinn i rith na bliana mar bhí 4,637 othar ag fanacht breis agus dhá mhí dhéag le dul faoi scian ag deireadh 2007 agus ag deireadh 2008 ní raibh ach 1,576 acu ann. Ba laghdú de dhá thrian é sin. Ní mór ceist a chur fós, áfach, cén fáth nár cuireadh cóireáil ar

treated by either the public hospital system or referred to the NTPF especially when it was not a matter of money.

National Patient Treatment Register

I am delighted that finally all targeted hospitals are now submitting details to the Patient Treatment Register (PTR), and to all those involved from its inception to its conclusion, whether hospital staff or Fund staff a very big thank you for your persistence. This is how we report waiting list times. It is, in simple terms an online register of patients on in-patient and day case surgical and medical waiting lists in Ireland. This register is a working document that can be used by all concerned. If you are a doctor, consultant, patient, or hospital administrator, you can now access up to date information on wait times for treatments, and compare median wait times in different hospitals.

Access the website at: www.ptr.ie

Funding

The NTPF is an independent statutory body whose aim is to reduce the length of time public patients wait for surgery. We are driven by an ongoing commitment to delivering high quality care for NTPF patients. For the taxpayer we endeavour to achieve value for money and to treat as many patients as possible for the funding received from the Department of Health and Children. The NTPF covers a wide spectrum of surgery ranging from minor to complex procedures. Our average surgical cost in 2008 was €3,717, and ninety five percent of funding went to direct patient care. Administrative costs accounted for less than 3% of allocation, while pay costs amounted to approximately 2% of allocation. The 2008 NTPF budget equated to approximately 0.7% of Government public health spend.

Outlook

In these challenging economic times, it will be our overriding goal to continue to invest in quality care and getting value for money we spend. We expect that the new Nursing Home Bill ("Fair Deal") will be passed, which will give us new responsibilities of agreeing prices that the State will pay in the private nursing home sector as announced by the Minister for Health and Children in October 2008.

I would like to thank the Minister for her encouragement and support, along with all in her Department for the assistance and guidance throughout 2008. A special word of thanks to all those whose co-operation is essential to the smooth running of the NTPF, whether you are a nurse, consultant, administrator or whether you work in a public or private hospital, but in particular to all the hospital liaison personnel throughout the country. To the management and staff of the NTPF a sincere note of appreciation for their hard work and dedication.

Finally, it has been an honour to work with the Board throughout 2008, and I look forward to delivering another successful year in 2009.

John O'Dwyer

an 1,576 othar sin i gcóras na n-ospidéal poiblí nó nár cuireadh ar aghaidh iad chuig an CNCC, go mór mór nuair nach raibh ganntanas airgid i gceist.

An Clár Náisiúnta Cóireála Othar

Cúis áthais dom go bhfuil na hospidéal sin ar díriodh orthu ag seoladh sonraí chuig an gClár Cóireála Othar (CCO) anois agus ba mhaith liom mo mhíle buíochas a ghabháil libhse go léir a raibh baint agaibh leis óna thús go dtí a dheireadh, idir fhoirne ospidéal agus fhoirne an Chiste. Seo é an chaoi a ndéanaimid tuairisciú ar amanna na liostaí feithimh. Is éard atá ann go bunúsach ná clár ar líne ar a bhfuil na hothair atá ar liostaí feithimh máinliachta agus míochaine mar othair chónaithe nó mar othair lae. Doiciméad oibre is ea an clár agus is féidir le gach duine a bhfuil baint acu leis é a úsáid. Tá sé ar do chumas anois, más dochtúir, lia comhairleach, othar nó riarthóir ospidéal thú, faisnéis cothrom le dáta a rochtain faoi amanna feithimh le haghaidh cóireála agus comparáid a dhéanamh idir meán-amanna feithimh na n-ospidéal éagsúil.

Is féidir an láithreán gréasáin a rochtain ag: www.ptr.ie

Cistiú

Eagraíocht neamhspleách reachtúil is ea an CNCC a bhfuil sé d'aidhm aige an t-am a chaitheann othair phoiblí ag fanacht le hobráid a laghdú. Táimid á ngríosú ag an rún buan atá againn cúram ardchaighdeán a sholáthar d'othair an CNCC. Déanaimid ár ndícheall a chinntiú go bhfaigheann an cáinócóir luach ar airgead agus an oiread othar agus is féidir a chóireáil leis an gcistiú a fhaighimid ón Roinn Sláinte agus Leanáí. Bíonn an CNCC ag déileáil le réimse leathan obráidí ó ghnáthaimh bheaga go gnáthaimh chasta. Ba é €3,717 an méanchostas máinliachta in 2008 agus caitheadh 95% den chistiú go díreach ar chúram othar. Caitheadh 3% den bhuiséad ar chostais riaracháin agus 2% ar phá. B'ionann buiséad an CNCC in 2008 agus thart faoi 0.7% den mhéid a chaith an Rialtas ar shláinte phoiblí.

A bhfuil i ndán dúinn

Is mór iad na dúshlán eacnamaíochta atá le sárú faoi láthair agus is é ár bpríomhaidhm ná leanúint ar aghaidh ag infheistiú i gcúram ardcháilíochta agus luach ar airgead a fháil. Measaimid go reáchtálfar An Bille um Thithe Banaltrais ("Cothrom na Féinne") agus go mbeidh freagracht bhreise orainn teacht ar chomhaontú faoi na praghsanna a íocfaidh an Stát in earnáil na dtithe banaltrais príobháideacha faoi mar a d'fhógair an tAire Sláinte agus Leanáí i nDeireadh Fómhair 2008.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire as an spreagadh agus as an tacaíocht a thug sí dúinn agus leo siúd go léir ina Roinn as ucht na cabhrach agus na treorach a thugadar dúinn i gcaitheamh 2008. Ba mhaith liom focal buíochais speisialta a ghabháil libhse go léir a raibh bhur gcomhoibriú fíorriachtanach d'fheidhmiú éifeachtach an CNCC biodh tú i d'altra, i do lia comhairleach nó i do riarthóir, agus biodh tú ag obair in ospidéal poiblí nó in ospidéal príobháideach, agus thar gach rud eile mo bhuíochas a ghabháil le pearsanra idirchaidrimh na n-ospidéal ar fud na tíre. Ba mhaith liom buíochas ó chróí a ghabháil le lucht bainistíochta agus le foireann an CNCC as a ndianobair agus as a ndúthracht.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom a rá go mba mhór an onóir dom a bheith ag obair leis an mBord i gcaitheamh 2008 agus go bhfuil mé ag súil go mbeidh sé ar mo chumas a chinntiú go mbeidh rath orainn arís in 2009.

John O'Dwyer



Pat O'Byrne,
Príomhfheidhmeannach
Chief Executive

Chief Executive's Report

Overview

The National Treatment Purchase Fund has two broad functions, to reduce waiting list times for public patients, and to manage and upkeep the National Patient Treatment Register. I am happy to report that the year under review was a good one, on both fronts, and 2008 is highlighted for the following reasons.

- The NTPF arranged treatment for its 100,000th patient
- At the end of the year the average median wait time for a procedure in Ireland was reduced to 2.6 months
- The number of patients waiting over twelve months for surgery had fallen by 66% over the previous twelve months
- Throughout the public hospital system a new urgency was brought to bear on patients awaiting diagnostic scopes
- All 44 targeted acute hospitals are now reporting to the National Patient Treatment Register

Performance

A total of 36,269 patients were facilitated by the NTPF in 2008, 20,829 in-patient procedures, 12,342 out-patient consultations, and 3,098 MRIs were provided. This compares with 19,769 in-patients (+5 %), 10,569 out-patients (+17 %) and 2,300 MRIs (+35 %) in the previous year.

Lo-Calls

The NTPF Lo-Call line received 26,565 calls in 2008 (Over 100 calls a day). This was an increase of +36% on 2007. These were calls from patients on waiting lists, from family members and GP's. The Lo-Call line (1890 720 820) can be accessed directly by patients who can then ascertain if they are eligible for treatment. At this time approximately 1 in 30 of the population have been successfully facilitated by the NTPF, and I have no doubt that their experiences have been recounted to family and friends. We encourage people to phone our Lo-Call line.

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh

Forbhreathnú

Tá dhá fheidhm leathan ag an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála - an méid ama a chaitheann othair poiblí ar liostaí feithimh a laghdú agus an Clár Náisiúnta um Chóireáil Othar a bhainistiú agus a choinneáil cothrom le dáta. Cúis áthais dom a bheith in ann a rá go mba bhliain mhaith an bhliain atá faoi athbhreithniú againn ó thaobh an dá fheidhm sin agus ní miste béim a leagan ar 2008 ar na fáthanna seo a leanas.

- Shocraigh an CNCC go gcuirfí cóireáil ar a 100,000ú othar
- Bhí laghdú déanta ag deireadh na bliana go 2.6 mhí ar an meán-am feithimh le haghaidh gnáthaimh
- Bhí laghdú 66% tagtha ar fhigiúr na bliana roimhe sin ar líon na n-othar ag fanacht dhá mhí dhéag le haghaidh obráide.
- Tá práinn nua le sonrú sa chóras ospidéal poiblí maidir leis na hothair sin atá ag fanacht ar scópáil fáthmheasa
- Tá gach ceann de na 44 ospidéal géarmhíochaine a díriodh orthu ag seoladh tuairiscí anois chuig an gClár Náisiúnta um Chóireáil Othar

Feidhmíocht

Chuidigh an CNCC le 36,269 othar i rith 2008. Rinneadh gnáthaimh ar 20,829 díobh mar othair chónaithe, bhí comhairliúcháin ag 12,342 díobh mar othair sheachtracha, agus rinneadh 3,098 ÍAM. Is féidir na figiúirí sin a chur i gcomparáid le 19,769 othar cónaithe (+ 5 %), 10,569 othar seachtrach (+17 %) agus 2,300 ÍAM (+35 %) sa bhliain roimhe sin.

Íosghlaonna

Cuireadh 26,565 glao ar líne íosghlao an CNCC i rith 2008, rud ab ionann agus os cionn 100 glao sa lá. Ba mhéadú +36% é sin ar fhigiúr 2007. Ba ghlaonna iad sin a rinne othair ar na liostaí feithimh, baill teaghlaigh agus dochtúirí ginearálta. Is féidir le hothair an líne íosghlao (1890 720 820) a rochtain go díreach agus is féidir leo a fháil amach an bhfuil siad i dteideal cóireáil a fháil. Tá an CNCC tar éis cabhrú go rathúil le thart faoi duine as gach 30 de dhaonra na tíre agus níl amhras dá laghad orm gur inis siad faoin gcaoi ar éirigh leo dá muintir agus dá gcairde. Gníosaímid daoine le glaoch a chur ar ár líne íosghlao.

Waiting List Guidelines

The NTPF is responsible for the collection and publication of waiting list data. This happens through the National Patient Treatment Register which collects data relating to public hospital in-patient and day-cases in Ireland. National guidelines have been developed to support this project to ensure consistency across hospitals in the management of waiting lists in public hospitals. These guidelines have been approved by the National Hospitals Office of the Health Service Executive. They have been implemented in 2008 in a number of public hospitals and it is important that the remainder of the 44 hospitals also implement these guidelines. In future this is the way hospital in-patient waiting lists will be managed.

Quality of Care

The National Treatment Purchase Fund consistently puts patient care issues first by insisting that care delivered to patients is of a high quality. A number of criteria relating to hospitals and to consultant surgeons and anaesthetists, are required to be in place before any treatment takes place. In addition to this we engage with patients to ascertain their views on their experience of care under the NTPF. One of the main vehicles for this is the NTPF Patient Satisfaction Survey where each patient who has had surgery receives a survey. Current levels of satisfaction are at 98%-99%. Where patients outline concerns or issues, we follow these up vigorously with the relevant institutions and insist that these are addressed in a timely manner.

The Year Ahead

As we look ahead to 2009, we are aiming to treat in excess of 37,000 patients. Challenges lie ahead in treating the longest waiters. Many extra demands are being made on the NTPF and this is likely to increase as 2009 progresses. In addition, the NTPF is looking forward to fulfilling its role under the "Fair Deal" initiative where it will assume responsibility for negotiating prices which the state will pay for accommodation in private nursing homes.

The realities of the economic downturn will no doubt put added pressure on our services, and evidence of this was the 26,565 calls made to our Lo-Call line, which was up 7,000 on 2007. This highlights the ever increasing public awareness of the option of treatment via the fund. As a result we expect the Lo-Call volumes to increase further in 2009.

I would not like to conclude without thanking the various people in different hospitals throughout the country, for their continued co-operation and assistance. To the staff of the NTPF who continue to "make it happen", Thank You.

Pat O'Byrne

Treoirínite faoi Liostaí Feithimh

Tá an CNCC freagrach as sonraí faoi liostaí feithimh a thiomú agus a fhoilsiú. Is tríd an gClár Náisiúnta um Chóireáil Othar a dhéantar é seo. Tiomsaítear sonraí anseo faoi othair chónaithe agus cásanna lae in ospidéal phoiblí in Éirinn. Forbraíodh treoirínite náisiúnta chun tacú leis an tionscadal seo le cinntiú go ndéantar na liostaí feithimh a bhainistiú go comhsheasmhach sna hospidéal sin. D'fhaomh Oifig na nOspidéal Náisiúnta de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte na treoirínite seo. Cuireadh i bhfeidhm iad i roinnt ospidéal phoiblí in 2008 agus tá sé tábhachtach go gcuirfidh an chuid eile den 44 ospidéal i bhfeidhm iad freisin. Seo é an chaoi a dhéanfar liostaí feithimh othar cónaithe na n-ospidéal a bhainistiú amach anseo.

Caighdeán an Chúraim

Tugann an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála tús áite do chúram othar trína chinntiú ar an gcéad dul síos go dtugtar cúram ardchaighdeán d'othair. Tá roinnt critéir ann a bhaineann le hospidéal, le máinlianna comhairleacha agus le hainéistéisithe a gcaithfeadh a shásamh sula ndéantar aon chóireáil. Lena chois sin téimid i dteagmháil le hothair chun a ndearcadh a fháil faoin gcúram a tugadh dóibh faoin CNCC. Tá an Suirbhé ar Shástacht Othar an CNCC ar cheann de na príomhbhealaí ina ndéanamid é seo. Tugtar ceistneoir do gach othar a chuaigh faoi obráid. Tá leibhéil sástachta idir 98% agus 99% faoi láthair. Má tharraingíonn othar anuas ceist nó ábhar imní téimid i dteagmháil leis an institiúid bhainteach agus áitimid orthu aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna sin go tapa.

An Bhliain Seo Chugainn

Táimid ag súil le breis agus 37,000 othar a chóireáil i rith 2009. Is iomaí dúshlán atá le sárú maidir le cóireáil a thabhairt dóibh siúd is faide atá ag fanacht. Tá rudaí breise á n-éileamh ar an CNCC i láthair na huairé agus is dócha go dtiocfaidh méadú orthu sin i gcaitheamh 2009. Lena chois sin atá an CNCC ag súil lena ról a chomhlíonadh faoin tionscnamh "Cothrom na Féinne" nuair a ghlacfaidh sé freagracht as dul i mbun caibidlíochta faoi na praghsanna a íocfaidh an stát as cóiríocht i dtithe altranais príobháideacha.

Níl aon amhras ann ach go gcuirfidh fadhbanna an choir chun donais eacnamaíoch brú ar ár seirbhísí, agus mar chruthúnas ar sin, cuireadh 26,565 glao ar ár líne Íosghlao, sin méadú 7,000 ar fhigiúr na bliana 2007. Léiríonn sé seo go dtuigeann níos mó agus níos mó daoine go bhfuil sé de rogha acu cóireáil a fháil faoin gCiste. Measaimid go gcuirfeadh níos mó glaonna fós ar ár líne Íosghlao i rith 2009 dá bharr sin.

Níor mhaith liom críochnú gan buíochas a ghabháil le daoine éagsúla in ospidéal éagsúla ar fud na tíre a bhí ag comhoibriú linn agus ag tabhairt cúnamh dúinn i gcónaí. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin le foireann an CNCC a fhéachann chuige "go dtarlaíonn sé" i gcónaí. Go raibh míle maith agaibh go léir.

Pat O'Byrne

Corporate Governance

Members of the Board



John O'Dwyer,
Cathaoirleach
Chairman



Rita Hayes



Dermot Mullane



John Horan



Victor Boyhan



Mary Brazil



Dr. Tony O'Sullivan



Dr. Sean McCarthy



John Stephens

Rialachas Corparáideach

Comhaltaí an Bhoird

Board of Directors' Role

The Board is responsible for setting the strategic direction and policies of the NTPF and delegates to management and sub-committees the responsibility for their implementation. In its own activities and its use of committees the Board operates towards best practice with corporate governance principles.

Patient Care Sub Committee

Members: Mary Brazil (Chairperson), John Stephens, Dr. Tony O'Sullivan, Dr. Sean McCarthy and Anna Lloyd, (Director of Patient Care).

The Patient Care Sub Committee has responsibility for overseeing the patient care function. Its terms of reference are:

- To provide oversight for the Patient Care division of the National Treatment Purchase Fund
- To work, as part of the Board, to continuously review and develop the Patient Care function of the National Treatment Purchase Fund
- To advise on matters relating to customer care and service, quality assurance and systems and processes underlying the Patient Care function
- To liaise with the Board, Chief Executive, Director of Patient Care and Chief Medical Adviser in the execution of these terms of reference

Ról an Bhoird Stiúirthóirí

Tá an Bord freagrach as treo straitéiseach agus beartais a cheapadh don CNCC agus tarmligeann siad an fhreagracht maidir lena gcur i bhfeidhm don lucht bainistíochta agus d'fhochoistí. Déanann an Bord a dhícheall gníomhú de réir an cleachtais is fearr agus de réir prionsabal rialachais corparáidigh ina ghníomhaíochtaí féin agus sa chaoi a úsáidtear coistí.

An Fochoiste um Chúram Othar

Comhaltaí: Mary Brazil (Cathaoirleach), John Stephens, An Dr. Tony O'Sullivan, An Dr. Sean McCarthy agus Anna Lloyd (Stiúirthóir Chúraim Othar).

Tá an Fochoiste um Chúram Othar freagrach as maoirsiú a dhéanamh ar an bhfeidhm cúraim othar. Is iad seo a leanas a théarmaí tagartha:

- Maoirseacht a dhéanamh ar rannán Cúraim Othar an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
- Oibriú mar chuid den Bhord chun athbhreithniú leanúnach agus forbairt a dhéanamh ar fheidhm Cúraim Othar an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála
- Comhairle a thabhairt faoi rudaí a bhaineann le cúram agus le seirbhís custaiméirí, faoi dhearbhu agus chórais cáilíochta agus faoi na próisis sin ar a bhfuil an fheidhm Cúraim Othar bunaithe
- Dul i mbun idirchaidrimh leis an mBord, leis an bPríomhfheidhmeannach, leis an Stiúirthóir Cúraim Othar agus leis an bPríomhchomhairleoir Míochaine maidir le cur i bhfeidhm na téarmaí tagartha seo

Finance and Audit Sub Committee

Members: John Horan (Chairman), Victor Boyhan, Rita Hayes, Dermot Mullane and David Allen (Director of Finance)

The Finance and Audit Committee assists the Board in discharging its legal, financial and accounting responsibilities and its terms of reference are:

- To review internal controls and their effectiveness
- To review internal audit and evaluate its reports
- To review reports from the office of the Comptroller and Auditor General and ensure its recommendations are implemented
- To review and approve interim and annual financial statements
- To approve changes in accounting policies, compliance with legislation and any other matters that relate to the financial and internal control of the NTPF

Board meetings and attendance

The attendance of the individual Directors at Board and Committee meetings during 2008 was as follows:

Note: N/A means that the specified Board Member is not on that committee

An Fochoiste Airgeadais agus Iniúchta

Comhaltaí: John Horan (Cathaoirleach), Victor Boyhan, Rita Hayes, Dermot Mullane agus David Allen (Stiúrthóir Airgeadais)

Cabhraíonn an Fochoiste Airgeadais agus Iniúchta leis an mBord a chuid freagrachtaí dlíthiúla, airgeadais agus cuntasáiochta a chomhlíonadh agus is iad seo a leanas a théarmaí tagartha:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacháin inmheánacha agus ar a n-éifeacht
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an iniúchadh inmheánach agus a thuarascálacha a mheas
- Tuarascálacha oifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste a athbhreithniú agus a áirithiú go gcuirtear a moltaí i bhfeidhm
- Athbhreithniú a dhéanamh ar ráitis airgeadais eatramhacha agus bhliantúla agus iad a fhaomhadh
- Athruithe sna beartais cuntasáiochta, agus athruithe maidir le géilliúlacht don reachtaíocht, agus aon rud eile a bhaineann le rialú airgeadais agus le rialú inmheánach an CNCC a fhaomhadh

Cruinnithe Boird agus láithreachas

Ba mar seo a leanas a d'fhreastail na Stiúrthóirí faoi leith ag cruinnithe an Bhoird agus na gCoistí i rith 2008:

Tabhair faoi ndeara: Ciallaíonn N/A nach bhfuil an ball sin den Bhoird ar an gcoiste sin

	Cruinnithe an Bhoird 8 Board Meetings 8	Cruinnithe Airgeadais & Iniúchta 4 Finance & Audit Meetings 4	Cruinnithe Cúraim Othar 4 Patient Care Meetings 4
John O Dwyer	8	N/A	N/A
Mary Brazil	6	N/A	4
Victor Boyhan	6	3	N/A
John Stephens	8	N/A	4
John Horan	8	4	N/A
Dr. Sean McCarthy	8	N/A	4
Dermot Mullane	8	4	N/A
Dr. Tony O Sullivan	5	N/A	3
Rita Hayes	7	3	N/A



Foireann Bainistíochta an CNCC

Ó chlé ; Anna Lloyd, Stiúrthóir Cúraim Othar, Pat O'Byrne, Príomhfheidhmeannach, Liz Lottering, Bainisteoir an Chláir Náisiúnta Cóireála Othar, David Allen, Stiúrthóir Airgeadais, María Tyrell, Bainisteoir TF.

The NTPF Management Team

From L to R; Anna Lloyd, Director of Patient Care, Pat O'Byrne, Chief Executive, Liz Lottering, National Patient Treatment Register Manager, David Allen, Director of Finance, María Tyrell, IT Manager.



Anna Lloyd,
Stiúrthóir Cúraim Othar
Director of Patient Care

Patient Care Team

Introduction

The Patient Care Team is the hub of all patient related activity within the NTPF. Team members are experienced nursing professionals and healthcare administrators. The overall function of the team is to facilitate faster access to safe, high quality care for those who have been waiting longest on public hospital in-patient waiting lists. We also oversee the NTPF out-patient pilot programme.

The high level objectives of the team that govern all activities are:

- To maintain and develop effective communications and partnerships with all stakeholders e.g. patients, GP's, public and private hospitals and other health agencies
- To ensure systems and processes that underpin patient care are robust and are continually assessed and refined
- To develop and promote a culture of consciously putting patient needs first in all decision making processes
- Quality assurance and improvement

It is our experience that using these objectives as a constant backdrop and benchmark for the day-to-day processes, tasks and work, proves to be a motivating if sometimes challenging force for the team. We continually learn that where communication is optimal, the safest and most robust partnerships exist to support quality care for patients. Furthermore we have found that the need to routinely and frequently refine all systems, has helped immeasurably in the development of a flexible and adaptive approach within the team.

Patient Care Team Functions

The team, in effect, co-ordinates all activity with patients, GPs and hospitals to ensure that individual patients receive safe and professional care. During 2008 we received in excess of 26,000 phone calls via our Lo-call system, and we also have constant contact with NTPF Liaison Officers in the public and private hospital systems throughout the country. Our team also manages patient referrals from the public hospitals. In 2008 there were approx. * 40,000 referrals and 36,309 discharge summaries processed. Each individual referral and discharge summary is checked and recorded on an information system designed

An Fhoireann Cúraim Othar

Réamhrá

Tá an Fhoireann Cúraim Othar lárnach ó thaobh gach gníomhaíocht a bhaineann le hothair san CNCC. Is gairmithe altrachta agus riarthóirí chúram sláinte iad baill na foirne agus taitní mhaithe acu. Is í feidhm fhoriomlán na foirne ná éascú a dhéanamh chun go mbeidh na daoine sin is faide atá ag fanacht mar othair chónaithe ar liostaí feithimh na n-ospidéal poiblí in ann cúram slán ardchaighdeán a fháil níos tapúla. Chomh maith leis sin déanaimid maoirsiú ar chlár píolótach othar seachtrach an CNCC.

Is iad cuspóirí ardleibhéil na foirne a rialaíonn na gníomhaíochtaí go léir ná:

- Caidreamh éifeachtach agus comhpháirtíochtaí a choinneáil agus a fhorbairt leis na páirtithe leasmhara go léir, le hothair, mar shampla, agus le dochtúirí ginearálta, le hospidéil phoiblí agus phríobháideacha agus le gníomhaireachtaí sláinte eile
- A chinntiú go bhfuil na córais agus na próisis sin a bhfuil cúram othar ag braith orthu láidir go maith agus go ndéantar measúnú agus coigeartú leanúnach orthu
- Cultúr a fhorbairt agus a chur chun cinn ina smaoineoidh daoine ar thús áite a thabhairt do riachtanais an othair nuair a bheidh cinntí á ndéanamh
- Dearbhú agus feabhsú cáilíochta

Thugamar faoi deara go spreagann sé an fhoireann (agus go dtugann sé dúshlán dóibh uaireanta) má bhíonn na cuspóirí seo ann mar thagamharc agus mar chúlra buan i gcás na bpróiseas, na hoibre agus na dtascanna laethúla. Is éard atá á fhoghlaim againn i gcónaí ná nuair a bhíonn an chumarsáid is fearr ann go mbíonn na comhpháirtíochtaí is treise agus is sábháilte ann le tacú le cúram d'ardchaighdeán a sholáthar d'othair. Fuaireamar amach lena chois sin gur cabhair iontach é an riachtanas atá ann na córais go léir a choigeartú go minic agus sa ghnáthchúrsa ó thaobh cur chuige oiriúnach solúbtha a fhorbairt sa bhfoireann.

Feidhmeanna na Foirne Cúraim Othar

Is éard a bhíonn ar siúl go bunúsach ag an bhfoireann ná gach gníomhaíocht le hothair, le dochtúirí ginearálta agus le hospidéil a chomhordú le cinntiú go bhfaigheann gach othar cúram slán gairmiúil. Fuaireamar breis agus 26,000 glaonna teileafón ar ár gcóras íosghlao, agus lena chois sin bímid i dteagmháil leanúnach le hOifigigh Idirchaidrimh an CNCC sna hospidéil phríobháideacha agus phoiblí ar fud na tíre. Déanann ár bhfoireann bainistiú freisin ar atreorú othar ó na hospidéil phoiblí. Atreoraíodh thart faoi * 40,000 othar i rith 2008 agus próiseáladh

* Not every referral results in a treatment and some patients require more than one procedure.

*Ní chuirtear cóireál ar fáil i gcónaí de bharr atreoraithe agus uaireanta bíonn breis agus gnáthamh amháin riachtanach d'othar.

specifically for this purpose. One major task completed during 2008 in conjunction with our IT department was the specification and delivery of an enhanced reporting system. This system allows us to more effectively track and monitor the whole patient referral and treatment process from start to finish. This in turn assists the team in the delivery of an improved service to NTPF patients.

Outline of Patient Care Team Functions:

- Co-ordination of all patient referrals
- Liaison with patients, GPs and public and private hospitals to facilitate faster treatment
- Develop and manage NTPF Quality Programme
- Manage and operate NTPF Lo-Call line
- Management and operation of care authorisation systems
- Development and maintenance of high quality referral pathways
- Development/review of patient care processes and policies

Quality Programme

During 2008, as with every other year, we placed a very large emphasis on our Quality Programme. The Quality Programme is implemented with the guidance and assistance of the NTPF medical advisory panel. This programme is integrated and embedded into both our strategic goals and our day to day systems and processes. This programme has 5 major components and serves as a framework that drives our review, monitoring and measuring of quality. The outline below illustrates examples of quality assurance activities that took place during 2008.

A. Provider Assessment:

- 2 New providers were approved during 2008
- 5 Existing providers were re-assessed
- 287 New consultant details were registered with the NTPF
- External accreditation status monitored with 100% of providers

B. Patient Feedback/Communication:

- The content of the Patient Satisfaction Survey along with the process of administering the survey was reviewed and a new process/system specified and agreed
- Complaints Process updated and implemented
- Patients now receive a personalised letter to notify them of their referral, in addition to contact from the relevant hospitals

36,309 achoimre um scaoileadh abhaile. Déantar gach atreorú agus achoimre um scaoileadh abhaile a sheiceáil agus a thairfead ar chóras faisnéise atá deartha go sonrach don obair seo. Tasc mór amháin a críochnaíodh i rith 2008 i gcomhar lenár rannán TF ab ea córas tuairiscithe níos fearr a shainiú agus a sholáthar. Cuireann an córas seo ar ár gcumas monatóireacht agus rianú níos fearr a dhéanamh ar an bpróiseas go léir ó thús go deireadh maidir le hothair a atreorú agus a chóireáil. Cabhraíonn sé seo leis an bhfoireann seirbhís níos fearr a sholáthar d'othair an CNCC.

Gearrchuntas ar Fheidhmeanna na Foirne Cúraim Othar:

- Comhordú a dhéanamh ar gach atreorú othar
- Dul i mbun idirchaidrimh le hothair, le dochtúirí ginearálta agus le hospidéal idir phríobháideach agus phoiblí chun cóireáil níos tapúla a éascú
- Clár Cáilíochta an CNCC a fhorbairt agus a bhainistiú
- Líne íosghlao an CNCC a bhainistiú agus a oibriú
- Bainistiú agus oibriú na gcóras údaraithe cúraim
- Bealaí atreoraithe d'ardchaighdeán a fhorbairt agus a chothabháil
- Forbairt/athbhreithniú a dhéanamh ar phróisis agus ar bheartais um chúram othar

An Clár Cáilíochta

Leagamar béim an-mhór i gcaitheamh na bliana 2008, faoi mar a dhéanaimid gach bliain, ar ár gClár Cáilíochta. Cuirtear an Clár Cáilíochta i bhfeidhm le treoir agus le cabhair painéil míochaine an CNCC. Tá an clár seo ina dhlúthchuid dár gcuspóirí straitéiseacha agus dár gcórais agus próisis laethúla. Tá 5 mórchuid sa chlár seo agus úsáidimid é mar chreat chun cáilíocht a athbhreithniú agus a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh air. Tá léiriú sa chuntas imlíne thíos ar chuid de na gníomhaíochtaí um dhearbhu cáilíochta a bhí ar siúl i rith 2008.

A. Measúnú ar Sholáthraithe:

- Rinneadh 2 sholáthraí nua a fhaomhadh i rith 2008
- Rinneadh athmheasúnú ar 5 sholáthraí a bhí ann cheana féin
- Cláraíodh sonraí 287 lia comhairleach nua leis an CNCC
- Rinneadh monatóireacht ar stádas creidiúnaithe sheachtraigh 100% de na soláthraithe

B. Aiseolas/Cumarsáid ó Othair:

- Rinneadh athbhreithniú ar an Suirbhé ar Shástacht Othar agus ar an bpróiseas ina ndearnadh an suirbhé. Sainíodh próiseas nó córas nua agus thángthas ar chomhaontú faoi
- Tugadh an Próiseas Gearán cothrom le dáta agus cuireadh i bhfeidhm é
- Faigheann na hothair litir phearsanaithe anois ag insint dóibh faoina n-athchur, agus téann na hospidéal bhainteacha i dteagmháil leo freisin

C. Monitoring:

- Q2 and Q4 - routine overall review of clinical care
- Implementation of a new quarterly model of referral to maximise activity and utilisation of capacity across the system
- Value for Money (VFM) programme operated in conjunction with Finance Team
- 12 reviews of care completed
- New system of tracking patient referrals implemented. This will increase the scope and depth with which we can review and monitor patient care
- New standards in relation to Resident Medical Officers and cut-off point for Consultants treating NTPF patients and introduced

D. Communication:

- Liaison Officer workshops held – public and private hospitals
- Annual Symposium
- Training provided for 13 new Liaison Officers
- Updating of website and patient information booklet

E. Patient Care Team Developments:

- Personal Development plans completed for each team member
- Journal Club, Clinical update sessions and Reference Library available
- Internal communications focus – development and communication of corporate and departmental service plan

In addition to this the report of the Commission on Patient Safety and Quality Assurance was published in Autumn 2008. During Q4 the team extensively reviewed this report and it will inform the 2009 NTPF Quality Programme.

Summary of 2008 Patient Care Team Activity Statistics

1. In-patients treated	20,829
2. MRI's provided	3,098
3. Out-patients referred	12,342
4. Total referrals received (not all referrals resulted in treatment)	39,527
5. % of in-patient referrals who were waiting > 12 months	24%
6. Lo-Calls received	26,565
7. Patient Satisfaction Surveys sent/returned	19,969/7,131
8. Discharge summaries received	36,309
9. New Providers approved	2
10. New Consultant registrations	287
11. Current provider re-inspections	5
12. Team development events	8

The celebration early in 2008 of the treatment of the NTPF's 100,000th patient was particularly relevant for the Patient Care Team. Staff who work in the health services do not always enjoy the opportunity to meet former patients who are recovered and back to health and in doing so to see the value of their work in very concrete terms. The opportunity to meet a large group of patients and families on the day was much enjoyed and appreciated by the team.

C. Monatóireacht:

- An 2ú Ráithe agus an 4ú Ráithe - Rinneadh gnáth-athbhreithniú foriomlán ar chúram clínicíúil
- Cuireadh modh ráithiúil nua i bhfeidhm chun an líon othar is mó a chóireáil
- Cuireadh clár luach ar airgead i bhfeidhm i gcomhar leis an bhFoireann Airgeadais
- Críochnaíodh 12 athbhreithniú ar chúram
- Cuireadh Córas nua um rianú atreoruithe othar i bhfeidhm. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas monatóireacht agus athbhreithnithe níos doimhne agus níos leithne a dhéanamh ar chúram othar
- Tugadh isteach caighdeán nua i gcás na nOifigeach Cónaitheach Míochaine agus pointe scoite i gcás Lianna Comhairleacha ag cóireáil othar an CNCC

D. Cumarsáid:

- Eagraíodh ceardlanna le haghaidh Oifigigh Idirchaidrimh na n-ospidéal príobháideach agus poiblí
- Siompóisiam Bliantúil
- Cuireadh oiliúint ar fáil do 13 Oifigeach Idirchaidrimh nua
- Tugadh an láithreán gréasán agus an leabhrán faisnéise d'othair cothrom le dáta

E. Forbairtí i gcás na Foirne Cúraim Othar:

- Cuireadh bailchríoch ar phleananna forbartha pearsanta le haghaidh gach ball foirne
- Tá Club Irisleabhar, seisiúin faoi nuashonruithe clínicíúla agus Leabharlann Tagartha ar fáil anois
- Béim ar chumarsáid inmheánach - forbraíodh plean um seirbhísí corparáideacha agus rannacha agus táthar i mbun cumarsáide faoi

Chomh maith leis sin foilsíodh tuarascáil an Choimisiúin um Shábháilteacht Othar agus Dhearbhú Cáilíochta i bhfómhar na bliana 2008. Rinne an fhoireann athbhreithniú forleathan ar an tuarascáil seo i gcaitheamh an 4ú ráithe agus beidh sé mar bhunsraith ag Clár Cáilíochta an CNCC na bliana 2009.


Staitisticí faoi Ghníomhaíochtaí na Foirne Cúraim Othar i rith 2008

1. Cóireáladh	20,829 othar cónaithe
2. Soláthraíodh	3,098 ÍAM
3. Atreoraíodh	12,342 othar seachtrach
4. Líon iomlán na n-othar atreoraíthe (Níor cóireáladh gach othar a atreoraíodh)	39,527
5. % na n-othar a atreoraíodh a bhí ag fanacht > 12 mhí	24%
6. Íosghlanna a fuarthas	26,565
7. Líon na gCeistneoirí a seoladh/a fuarthas maidir le Sástacht Othar	19,969/7,131
8. Líon na n-achoirní um scaoileadh abhaile a fuarthas	36,309
9. Líon na Soláthraithe Nua a faomhadh	2
10. Líon na Lianna Comhairleacha nua a cláraíodh	287
11. Líon na soláthraithe reatha a ndearnadh athchigireacht orthu	5
12. Líon na n-imeachtaí forbartha foirne	8

Bhí an-bhaint ag ceiliúradh 100,000ú othar an CNCC go luath in 2008 leis an bhFoireann Cúraim Othar. Ní i gcónaí a bhíonn deis ag an bhfoireann a oibríonn sna seirbhísí sláinte bualadh le hiar-othair atá tagtha chucu féin agus i mbarr a sláinte arís, ach nuair a bhíonn an deis sin acu feiceann siad go soiléir cad is fiú a gcuid oibre. Bhí an deis acu an lá sin bualadh le slua mór othar agus lena dteaghlaigh agus ba mhór ag an bhfoireann é. Bhain siad an-taitneamh as an ócáid.


Líon iomlán na nOthar a Cóireáladh in aghaidh na bliana 2002-2008
(othair chónaithe agus othair sheachtracha)

Total Patients Treated Per Year 2002- 2008 (In-patients + Out-patients)



An 10 Speisialtacht Mháinliachta ba mhó Éileamh (Othair chónaithe 2008)


Top 10 Surgical Specialties (In-patients 2008)



Achoimre ar Staitisticí na nOthar Cónaithe In-Patient Statistics Summary


Líon Iomlán na nOthar Cónaithe a Cóireáladh de réir na Bliana

In-Patients Treated by Year




Líon Othar ÍAM Atreoraithe de réir na Bliana

MRI Referrals by Year




Achoimre ar Staitisticí na nOthar Cónaithe In-Patient Statistics Summary

Iomlán na nOthar Cónaitheach de réir Speisialtachta a Cóireáladh i rith 2008 20,829 2008 In-Patients Treated by Speciality Total 20,829




Próifíl Aoise na nOthar Cónaitheach a Cóireáladh i rith 2008 Age Profile of In-Patients Treated in 2008



Tionscnamh na nOthar Seachtrach / Out-Patient Initiative

2008 Torthaí Foriomlán A

2008 Overall Results A



23,056 Iomlán na nOthar a nDearnadh Teagmháil Leo
Total Patients Contacted

12,342 A Ghlac le Tairiscint Coinne
Accepted Offer of Appointment


5,579 A Baineadh de Liosta Feithimh
Removed from Waiting List

2,881 A Dhiúltaigh do Thairiscint Coinne
Declined Offer

2,254 Gan Freagra/Ateagmháil Déanta
No Response/Re-contacted

2008 Torthaí Foriomlán B

2008 Overall Results B



12,342 Othair ar Tairgeadh Coinní Dóibh
Patients Offered Appointment

4,567 Obráid Riachtanach
Required Surgery


4,196 Seoladh ar ais chuig Dochtúir Ginearálta
Discharged to GP

2,962 Iniúchadh Breise ag Teastáil
Required Further Investigation


617 Níor Fhreastal ar Dhá Ócáid -
Baineadh den Liosta
Did not Attend on Two Occasions
Removed From List

Tionscnamh na nOthar Seachtrach / Out-Patient Initiative

Líon Comhairliúchán a Socraíodh d'Othair Sheachtracha de réir Bliana
Number of Out-Patient Consultations Arranged by Year




Atreorú na nOthar Seachtrach de réir Speisialtacha i rith 2008 - Iomlán 12,342
Out-Patient Referrals by Specialty 2008 - Total 12,342




**Leibhéal Sástachta Othar Bunaithe ar 7,131 Suirbhé
